

**AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (Arna leasú)
NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2001 (Arna leasú) (CUID 8)**

Scéim Ghréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin

Iarratasóir: Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Suíomh: R865 Bóthar an Bhaile Bháin & L5029 Bóthar Pháirc an Chaisleáin, Cathair na Gaillimhe

Togra: De réir Chuid XI de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus Cuid VIII, Airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), tugann Comhairle Cathrach na Gaillimhe fógra leis seo maidir leis an moladh chun rotharbhealach leithscartha ardchaighdeán a sholáthar feadh Bóthar an Bhaile Bháin R865 agus Bóthar Pháirc an Chaisleáin L5029, Gaillimh; dar teideal “Scéim Ghréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin”

Tá an suíomh suite mar seo a leanas:

- Bóthar an Bhaile Bháin R865, óna acomhal le R339 Bóthar Mhuine Mheá go pointe timpeall 130m lastuaidh de Thimpeallán na Scairéadach (R338 Bóthar Bhaile Átha Cliath).
- L5029 Bóthar Pháirc an Chaisleáin, óna acomhal le R865 Bóthar an Bhaile Bháin go dtí a acomhal le R339 Bóthar Mhuine Mheá

Is carrbhealach lána singil é Bóthar an Bhaile Bháin atá ann faoi láthair a leathnaítear in áiteanna go dhá lána ag acomhail chun lánaí casta a cheadú. Tá cuid gairid den bhonneagar rothaíochta ag Bóthar an Bhaile Bháin idir acomhal Bhóthar na dTreabh an N6 agus acomhal Bhóthar Mhuine Mheá, i bhfoirm lánaí rothar comhairleacha. Níl aon bhonneagar rothaíochta ag an gcuid eile de Bhóthar an Bhaile Bháin ach tá cosáin ar an dá thaobh dá fhad. Tá an chuid de Bhóthar an Bhaile Bháin atá á mheas thart ar 1.2km ar fad.

Is carrbhealach lána singil é Bóthar Pháirc an Chaisleáin gan aon bhonneagar rothaíochta faoi láthair. Tá cosáin ar an dá thaobh den bhóthar. Tá tuairim is 1.24km sa chuid de Bhóthar Pháirc an Chaisleáin atá á mheas.

Beidh na nithe seo a leanas san fhorbairt:

- Raon rothar cosanta 2m agus cosán 2m a sholáthar ar an dá thaobh de Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin, ag laghdú in áiteanna ina bhfuil srianta.
- Laghdú ar leithead carrbhealaí bóithre (lánaí 3m ar leithead de ghnáth).
- Athailíniú acomhail agus tabhairt isteach trasrianta ardaithe ar gach taobh-bhóithre chun tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí coisithe.
- Lána rothar díreach tríd/trasrianta ar gach acomhal taobh-bhóithre chun tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí rothaithe.
- Trasrianta le comharthaí a sholáthar do choisithe agus rothaithe.
- Uasghrádú ar acomhal R865 Bhóthar an Bhaile Bháin / L5029 Bhóthar Pháirc an Chaisleáin agus L5029 Bóthar Pháirc an Chaisleáin / Bóthar Mhuine Mheá go hacmhail le comharthaí le soláthar do choisithe agus rothaithe.
- Pointí trasnaithe coisithe agus comhroinnta a thabhairt isteach ag roinnt áiteanna.
- Tírdhreachú a sholáthar feadh na mbealaí.

Ullmhaíodh Tuarascáil Scagadh ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta maidir leis an bhforbairt a bheartaítear agus de réir Airteagal 120(1)(b)(1) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), tá sé mar chonclúid nach bhfuil gá le Tuarascáil Mheasúnú Tionchair Timpeallachta ann. De réir alt 120 de na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt (arna leasú), féadfaidh aon duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh scagtha i dtaobh an dóigh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol. Ba cheart aighneacht dá leithéid a sheoladh chuig an Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Tá Tuarascáil Scagadh le haghaidh Measúnacht Chúí (MC) déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus chinn sí nach bhfuil gá le Measúnacht Chúí iomlán maidir leis an bhforbairt bheartaithe seo.

Beidh pleananna agus sonraí na forbartha bheartaithe, lena n-áirítear an Tuarascáil Scagadh ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta agus an Tuarascáil Scagadh le haghaidh Measúnacht Chúí, ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh le linn uaireanta oifige ar feadh tréimhse **4 seachtaine ó Déardaoin, 27ú Aibreán 2023** suas go dtí agus lena n-áirítear **Déardaoin, 25ú Bealtaine 2023** le linn uaireanta poiblí san Oifig Pleanála, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, ó 9:00rn go 4:00in ó Luan go hAoine, gan Laethanta Saoire Bainc san áireamh. Le haghaidh coinní, déan teagmháil le pleanáil le do thoil ag 091-536599 nó trí ríomhphost ag planning@galwaycity.ie.

<https://www.galwaycity.ie/ballybanecastlepark>

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn maidir leis an bhforbairt bheartaithe a dhéileáil le pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina bhfuil an fhorbairt suite a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás Áitiúil tráth nach déanaí ná: **4.00in ar Déardaoin, 8ú Meitheamh 2023** go dtí Pleanálaí Sinsearach, An Rannóg Pleanála, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh nó trí ríomhphost chuig planning@galwaycity.ie. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise le gach taifead atá i seilbh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Beidh gach trácht, lena n-áirítear ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh tuairimí, a chuirfear faoi bhráid na Comhairle maidir leis an scéim seo mar chuid den tuarascáil a cheanglaítear go reachtúil a chur i láthair ag cruinniú de na comhaltaí tofa. Dá réir sin, féadfar iad a chur san áireamh freisin i miontuairiscí an chruinnithe sin agus féadfaidh siad a bheith san ríocht poiblí. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2014) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2013.



Patricia Philbin,
Stiúrthóir Forbairt Bonneagair Seirbhíse, Pleanáil & Athrú Aeráide

Dáta: 27ú Aibreán 2023